



1 Lúnasa, 2011

A Shealbhóir Tí, a chara,

Roghnaíodh do theaghlach le bheith rannpháirteach i suirbhé tábhachtach nua dar teideal **an Clár um Measúnú Idirnáisiúnta ar Inniúlachtaí Dhaoine Fásta (PIAAC)**, atá á chur i gcrích ar fud na hÉireann in 2011 agus 2012 ag an **bPríomh-Oifig Staidrimh (CSO)**. Faoi iamh gheobhaidh tú bróisiúr le mionsonraí breise ann.

Dearadh an suirbhé seo chun breis faisnéise a fháil ar oideachas agus ar thaithí oibre dhaoine fásta in Éirinn. Féachtar chomh maith ar roinnt de na gníomhaíochtaí a bhíonn ar bun ag daoine fásta go laethúil, cosúil le léitheoireacht, aimsiú faisnéise agus úsáid á bhaint as ríomhairí agus teicneolaíocht. Cabhróidh an fhaisnéis seo linn tuiscint shoiléir a fháil ar na dúshláin atá os ár gcomhair mar thír le go bhféadfar lucht saothair níos oille a fhorbairt don todhchaí.

Tabharfaidh duine dár n-agallóirí cuairt ar do theach i gceann cúpla lá le cuireadh a thabhairt do **dhuine amháin de do líon tí** a bheith rannpháirteach sa suirbhé seo. Taispeánfaidh sé nó sí aitheantas grianghraif de chuid an CSO duit. Gheobhaidh an duine a roghnófar chun an t-agallamh a dhéanamh **dearbhán luach €30** ina dhiaidh sin.

Faoi láthair táthar ag iarraidh ar na mílte daoine fásta ar fud na tíre a bheith rannpháirteach ann. Os rud é go mbeadh sé an-chostasach agus an-deacair gach duine fásta in Éirinn a chur faoi agallamh, bainimid leas as modhanna staitistiúla eolaíochta chun daoine fásta aonair a roghnú go randamach i ngach contae ionas go ndéanfaidh siad ionadaíocht ar dhaoine eile cosúil leo féin. Tiomsófar freagraí na rannpháirtithe uile le teacht ar iomláin agus ar mheáin, agus ní bheifear in ann aon duine nó teaghlach a aithint uathu. Cé gur ar bhonn deonach a ghlacann daoine páirt sa staidéar, tá sé tábhachtach go mbeadh na daoine fásta a roghnaítear rannpháirteach ionas go ndéanfar ionadaíocht ar dhaoine fásta cosúil leat féin.

Coimeádtar an fhaisnéis go léir a sholáthraítear don Phríomh-Oifig Staidrimh faoi rún de réir an dlí.

Má tá aon cheisteanna agat, beidh ár n-agallóir allamuigh lánsásta freagra a thabhairt orthu. Is féidir glaoch a chur ar uimhir Íosghlao an PIAAC chomh maith, 1890 252293 nó cuairt a thabhairt ar láithreán gréasáin an staidéir ag **www.piaac.ie**.

Bheinn buíoch duit dá gcuirfeá na daoine fásta eile atá i do theaghlach ar an eolas faoin litir seo agus ár mbróisiúr a thaispeáint dóibh.

Go raibh maith agat roimh ré as ucht do chomhoibriú. Tá do chuid rannpháirtíochta tábhachtach agus táthar an-bhuíoch aisti.

Is mise, le meas,

Mary Malone,

Ardoifigeach Feidhmiúcháin,

An Clár um Measúnú Idirnáisiúnta ar Inniúlachtaí Dhaoine Fásta (PIAAC).